**Ceist tosaíochta i gcomhair freagra i scríbhinn P-003061/2023**
**ar an gCoimisiún**
Riail 138
**Francisco Guerreiro** (Verts/ALE), **Tilly Metz** (Verts/ALE), **Sylwia Spurek** (Verts/ALE), **Anja Hazekamp** (The Left), **Mick Wallace** (The Left), **Marc Botenga** (The Left), **Róża Thun und Hohenstein** (Renew), **Pierre Larrouturou** (S&D), **José Gusmão** (The Left), **Marisa Matias** (The Left), **Alice Kuhnke** (Verts/ALE), **Pär Holmgren** (Verts/ALE), **Jakop G. Dalunde** (Verts/ALE), **Anna Deparnay-Grunenberg** (Verts/ALE), **Marcel Kolaja** (Verts/ALE), **Pascal Durand** (S&D), **Robert Biedroń** (S&D), **Niels Fuglsang** (S&D), **Marianne Vind** (S&D), **Caroline Roose** (Verts/ALE), **Emil Radev** (PPE), **Clare Daly** (The Left), **Manuela Ripa** (Verts/ALE), **Maria Noichl** (S&D), **Heidi Hautala** (Verts/ALE), **Günther Sidl** (S&D), **Malte Gallée** (Verts/ALE), **Aurore Lalucq** (S&D), **Martin Buschmann** (NI), **Sirpa Pietikäinen** (PPE), **Mikuláš Peksa** (Verts/ALE), **Kira Marie Peter-Hansen** (Verts/ALE), **Margrete Auken** (Verts/ALE), **Ville Niinistö** (Verts/ALE), **Marie Toussaint** (Verts/ALE), **Jiří Pospíšil** (PPE), **Nikolaj Villumsen** (The Left), **Saskia Bricmont** (Verts/ALE), **Sara Matthieu** (Verts/ALE), **Martin Häusling** (Verts/ALE), **Grace O'Sullivan** (Verts/ALE), **Irena Joveva** (Renew), **Raphaël Glucksmann** (S&D), **Mounir Satouri** (Verts/ALE), **Erik Marquardt** (Verts/ALE), **Damien Carême** (Verts/ALE), **Sarah Wiener** (Verts/ALE)

Ábhar: A Choimisiúin, cá bhfuil an reachtaíocht leasa ainmhithe atá geallta?

Mar chuid den Straitéis ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’, gheall an Coimisiún athbhreithniú ar reachtaíocht leasa ainmhithe AE faoi 2023. Dhearbhaigh sé chomh maith do shaoránaigh go n-áireofaí san athbhreithniú seo moladh chun cleachtas mídhaonna agus mí-eiticiúil na gcásanna san fheirmeoireacht a thoirmeasc, mar fhreagra ar éilimh breis is 1.6 milliún saoránach a shínigh an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ‘End the Cage Age’. Mhúscail freagairt dhearfach an Choimisiúin ar an achainí dóchas na saoránach gur éist AE i ndáiríre lena n-imní agus gur theastaigh uaidh gníomhú ina leith.

Thuairiscigh an Financial Times, áfach, go ndúirt triúr oifigeach de AE a raibh eolas acu ar an ábhar go raibh an Coimisiún tar éis na tograí seo a thréigean go hiomlán. Is ábhar imní an fhorbairt seo, rud a bhaineann d’inchreidteacht dhaonlathach institiúidí AE.

1. An ndéanfaidh an Coimisiún reachtaíocht nua leasa ainmhithe agus creat don Chóras Bia Inbhuanaithe a thíolacadh faoin spriocdháta geallta, deireadh 2023? An áireofar leis seo cásanna ainmhithe san fheirmeoireacht a chosc, mar a gealladh?

2. Mura bhfuil, an bhfuil an Coimisiún ag dul siar ar a ghealltanais toisc brú ón tionscal agus na toghcháin atá le teacht?

3. An aithníonn sé, trí reachtaíocht leordhóthanach a chur siar chun ainmhithe a chosaint agus córas bia inbhuanaithe a chothú, go bhfuil an ghéarchéim éiceolaíoch á dhoimhniú ag AE?

**Cuiditheoirí**[1]

Curtha síos: 17.10.2023

[1] Tá cuidiú tugtha ag Feisirí seachas na húdair don cheist seo: Rosa D'Amato (Verts/ALE), Thomas Waitz (Verts/ALE), Milan Brglez (S&D)